Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Feabhra 2024
(OR. en)

5978/24
PV CONS 4
AG 15

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Ginearálta)

29 Eanáir 2024

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 5450/24.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 5773/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**(b)** Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 5774/24

An Comhshaol

**1. Rialachán maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe** ❶C 5599/1/24 REV 1
*Glacadh an ghnímh reachtaigh* 5599/24 ADD 1
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 24 Eanáir 2024 PE-CONS 60/23
ENV

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ungáir ag vótáil ina choinne agus Poblacht na Seice agus an Iodáil ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE). Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**2. Rialachán maidir le substaintí a ídíonn an ciseal ózóin** ❶C 5600/24
*Glacadh an ghnímh reachtaigh* PE-CONS 61/23
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 24 Eanáir 2024 + **COR 1 (pl)**
ENV

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE).

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. Pacáiste reachtach 'Cosaint an Daonlathais Eorpaigh'** ❶ C 5428/24
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle.

**4. Aon ghnó eile**

Dada.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**5. Tosaíochtaí Uachtaránacht na Beilge** [3]
*Cur i láthair ón Uachtaránacht*
*Seisiún tuairimíochta*

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair ón Uachtaránacht maidir leis na tosaíochtaí dá téarma, go háirithe maidir le hobair na Comhairle Gnóthaí Ginearálta, agus bhí seisiún tuairimíochta aici. Is i seisiún poiblí a pléadh an mhír sin.

6. Idirphlé bliantúil maidir leis an smacht reachta: plé tírshonrach 5222/24
*Seisiún tuairimíochta*

7. Aon ghnó eile

---

❶ An chéad léamh

[3] Plé poiblí (Airteagal 8(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 5774/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SEICE**

'Tá Poblacht na Seice lántiomanta comhlíonadh Phrótacal Montréal a áirithiú, an trádáil neamhdhleathach a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí agus rannchuidiú le hiarrachtaí an Aontais cuspóirí "Oiriúnach do 55" agus aeráidneodracht a bhaint amach.

Cé go n-aontaímid le haidhmeanna an Rialacháin, is oth linn go dtéann, inár dtuairim, an comhaontú deiridh thar na cuspóirí sin agus go dtugtar aghaidh ann ar roghanna beartais nach ndearnadh anailís iomlán orthu agus a thagann faoi reachtaíocht éagsúil, go háirithe Rialachán REACH.

I gcás Phoblacht na Seice, baineann na forálacha is achrannaí leis an mír nua maidir le lascthrealamh (Airteagal 13(5)), lena gcuirtear toirmeasc ar cheann de na roghanna malartacha a bhfuil poitéinseal téimh dhomhanda íseal acu, agus roinnt codanna d'Iarscríbhinn IV, go háirithe maidir le teaschaidéil scoilte agus aerchóiriú, lena gcuirtear toirmeasc ar roghanna malartacha a bhfuil poitéinseal téimh dhomhanda íseal acu ó 2035 ar aghaidh. Ina theannta sin, tá fadhb shuntasach ann dúinn freisin le toirmisc ar roghanna malartacha a bhfuil poitéinseal téimh dhomhanda íseal acu in earnáil na gcúr, na n-aerasól agus na dteaschaidéil mhonabloc.

Tá an rogha beartais chun cosc a chur ar roghanna malartacha a bhfuil poitéinseal téimh dhomhanda íseal acu in earnáil na dteaschaidéal agus an lascthrealaimh, mar aon le toirmisc an-dian eile ar theaschaidéil in Iarscríbhinn IV agus leis na toirmisc seirbhíse nua ar theaschaidéil a tugadh isteach le déanaí, an-íogair do Phoblacht na Seice. Braitheann ár bPleananna maidir le Cáilíocht an Aeir go mór ar theaschaidéil a imscaradh agus rinneadh infheistíochtaí suntasacha ó Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (go háirithe an Ciste Comhtháthaithe) agus ó ioncam CTA AE san earnáil sin. Tá eagla orainn go ndéanfadh aon bhacainní breise dochar dár mbeartas maidir le cáilíocht an aeir agus d'inbhuanaitheacht na n-infheistíochtaí a rinneadh san aistriú ó ghual go foinsí fuinnimh níos glaine.

Creidimid freisin go bhfuil toirmeasc ar roghanna malartacha a bhfuil poitéinseal téimh dhomhanda íseal acu i gcoinne mheon Chinneadh XXXIV/3 ó na Páirtithe i bPrótacal Montréal, lena spreagtar na Páirtithe éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus HFCanna a laghdú de réir a chéile, agus tuarascáil TEAP 2022 a chur san áireamh. Ní tionscnamh aonair é Cinneadh XXXIV/3 agus ní eisiatar leis an díospóireacht ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi Phrótacal Montréal, ar bhealach ar bith, na roghanna malartacha fluairínithe a bhfuil poitéinseal téimh dhomhanda íseal acu.

Bunaithe ar na cúiseanna thuas, cé go bhfuil go leor oibre déanta chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na saincheisteanna, ní féidir le Poblacht na Seice tacú leis an gcomhaontú agus staonfaidh sí ón vótáil.'

**RÁITEAS ÓN EASTÓIN**

'Tá an Eastóin lántiomanta i gcónaí comhlíonadh chuspóirí beartais aeráide an Aontais do 2030 agus 2050 a áirithiú, agus spriocanna Chomhaontú Pháras agus Phrótacal Montréal á gcomhlíonadh aici. Is díol sásaimh di, dá bhrí sin, athnuachan an rialacháin maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe agus tacaíonn sí leis an aidhm atá aige astaíochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe a laghdú a thuilleadh chun rannchuidiú le cuspóirí aeráide an Aontais agus chun an nuálaíocht a chur chun cinn le haghaidh táirgí a bhfuil poitéinseal téimh dhomhanda íseal acu nó atá saor ó gháis cheaptha teasa fhluairínithe.

Thángthas ar chomhaontú maidir leis an rialachán maidir le gás ceaptha teasa fluairínithe mar thoradh ar phlé casta dian. Le linn na caibidlíochta, bhí imní ar an Eastóin faoin luas atá beartaithe maidir le céimniú síos HFC agus na costais ghaolmhara don tsochaí chomh maith le hinfhaighteacht leordhóthanach agus inacmhainneacht teicneolaíochtaí malartacha ar mhargaí beaga cosúil leis an Eastóin.

Ba mhaith leis an Eastóin a chur in iúl an athuair gur cheart na toirmisc faoi seach a bheith bunaithe ar mheasúnú tionchair críochnúil ar fhíor-indéantacht agus ar roghanna malartacha atá ar fáil. Is oth linn nach amhlaidh a bhí i gcónaí. Ó am go chéile, ní raibh na measúnuithe tionchair leordhóthanach nó bhí siad in easnamh agus tá amhras ann go bhfuil gá le céimniú amach tapa agus iomlán i roinnt earnálacha ó thaobh na haeráide agus an gheilleagair de – táimid ag cailliúint an tairbhe don aeráid. Baineann ceann de na hábhair imní sin le cosc a chur ar gháis cheaptha teasa fhluairínithe i dteaschaidéil bheaga scoilte agus i bhfuaróirí beaga – tá cosc á chur againn ar roghanna malartacha feidhmiúla a bhfuil poitéinseal téimh dhomhanda íseal acu ar mhaithe leis an tionchar is lú is féidir ar an aeráid, más ann dó. Ag an am céanna, tá úsáid roghanna malartacha a bhfuil poitéinseal téimh dhomhanda íseal acu i gcomhréir go hiomlán le Prótacal Montréal agus lena spriocanna laghdaithe astaíochtaí.

Saincheist thábhachtach eile dúinn is ea an srian a bhaineann le cúir thógála. Chun seasamh leis an luas athchóirithe a bhfuiltear ag súil leis don Rabharta Athchóirithe a comhaontaíodh le déanaí, ní mór dúinn tógáil ar feadh na bliana i ngach séasúr. Dá bhrí sin, tá an toirmeasc ar gháis cheaptha teasa fhluairínithe a bhfuil poitéinseal téimh dhomhanda íseal acu a úsáid i gcúr inslithe ag teacht salach ar an aidhm sin ós rud é nach bhfuil aon réiteach saor ó ghás ceaptha teasa fluairínithe le haghaidh teochtaí tógála faoi bhun 5 °Celsius. Arís, tá cosc á chur againn ar tháirgí gáis cheaptha teasa fhluairínithe a bhfuil poitéinseal téimh dhomhanda íseal acu gan measúnú tionchair, agus sinn ag súil go mbeidh rogha oiriúnach inacmhainne ar an margadh faoi thráth an toirmisc.

Táimid ag tnúth leis na treoirlínte a bheidh ann amach anseo ón gCoimisiún maidir le hIarscríbhinn IV, ina míneofar na toirmisc agus ina dtabharfar samplaí den chaoi a dtagann táirgí éagsúla faoi thoirmisc áirithe. Tá sé sin ríthábhachtach chun tuiscint a fháil ar na toirmisc agus ar chur chun feidhme cuí cothrom an rialacháin nua ar fud an Aontais.

Cé go dtacaíonn an Eastóin leis an gcomhaontú ar thángthas air maidir leis an rialachán, táimid ag súil go dtabharfar aghaidh go leordhóthanach sa chlásal athbhreithnithe ar na toirmisc in Iarscríbhinn IV ar shaincheist na roghanna malartacha atá ann cheana agus na n-ábhar imní thuasluaite.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

‘Tá an Ungáir tiomanta do spriocanna beartais aeráide 2030 agus 2050 de chuid an Aontais agus measann sí go bhfuil sé den tábhacht na cuspóirí a leagtar amach i gComhaontú Pháras a bhaint amach. Cé go n-aontaíonn an Ungáir go hiomlán leis an gcuspóir ginearálta chun ról an Rialacháin maidir le gás ceaptha teasa fluairínithe a neartú i ndáil le rannchuidiú le haeráidneodracht, ní féidir linn tacú leis an gcomhréiteach deiridh.

Cé gur mór againn roinnt míreanna den phacáiste (lena n-áirítear an praghas cuóta EUR 3 a choinneáil, coimircí agus maoluithe a sholáthar chun slándáil a áirithiú, monaplacht mhargaidh a sheachaint, agus díolúine ón gcóras cuótaí do leathsheoltóirí a choinneáil), trasnaíonn an comhaontú línte dearga tromchúiseacha, rud ar leag an Ungáir béim air roinnt uaireanta cheana féin.

Ar an gcéad dul síos, dar linne, tagann an comhaontú salach ar chuspóirí RePowerEU agus imscaradh tapa teaschaidéal. Tá toirmeasc forleathan ar chuisneáin, go háirithe roghanna malartacha astaíochtaí ísle, bunoscionn, dá bhrí sin, le huaillmhianta bheartas aeráide an Aontais agus chuirfeadh sé isteach ar ghlacadh roghanna malartacha atá neamhdhíobhálach don aeráid mar gheall ar a n-inacmhainneacht.

D’áitigh an Ungáir go comhsheasmhach le linn na caibidlíochta nár cheart neamhaird a thabhairt ar éifeachtúlacht fuinnimh, sábháilteacht theicniúil agus indéantacht eacnamaíoch agus gur cheart imthosca éagsúla eacnamaíocha agus geografacha gach Ballstáit a chur san áireamh. Níl an comhaontú i gcomhréir leis na hábhair imní sin.

I measc na n-ábhar imní tá cothabháil theoranta táirgí atá sa chúrsaíocht faoi láthair agus atá deartha lena n-úsáid ar feadh blianta fada, mar aon le tréimhse ama neamhleor chun ullmhú don aistriú teicneolaíoch. Coiscfear na réitigh theicniúla le haghaidh na gcineálacha trealaimh atá sa chúrsaíocht faoi láthair, agus laistigh de roinnt blianta beidh srianta suntasacha i bhfeidhm maidir le trealamh a tugadh isteach san ionad margaidh nó trealamh a monaraíodh le déanaí bunaithe ar theicneolaíocht reatha. Tá gá le forbairt bhreise ar chórais oiliúna reatha mar gheall ar na dúshláin theicniúla nua. Mura ndéantar é sin, d’fhéadfadh easnamh lucht saothair oilte a bheith mar thoradh air.

Measann an Ungáir nach féidir na srianta margaidh ar threalamh a chur chun feidhme ina n-iomláine laistigh den sprioc-am, agus éifeachtúlacht fuinnimh agus gnéithe sábháilteachta teicniúla á gcur san áireamh. Níl réiteach sásúil ar an bhfadhb sna maoluithe sa chomhaontú, mar meastar go ndéanfar cuid shuntasach den trealamh atá ann faoi láthair a ionadú laistigh de 10 mbliana.

Mar thoradh ar a bpoitéinseal téimh dhomhanda ard, tá laghdú leanúnach ag teacht ar infhaighteacht cuisneán fluairínithe faoin gcóras cuótaí reatha. Mar sin féin, ní chuirtear riachtanais mhargaidh agus teicneolaíochta san áireamh leis an sceideal laghdaithe cuótaí a leagtar síos sa chomhaontú, agus d’fhéadfadh easnamh tromchúiseach cuisneán atá ar fáil go dleathach ar an margadh agus méadú géar ar a bpraghas margaidh eascairt as sin.

D’fhéadfadh aistriú díréireach sa mhargadh a bheith mar thoradh ar an Rialachán, rud a d’fhéadfadh drochthionchar a bheith aige ar thomhaltóirí trí phraghsanna níos airde. De thoradh meascán de bhearta róshriantacha éagsúla laistigh den Rialachán maidir le gás ceaptha teasa fluairínithe, mar shampla iad siúd a bhaineann le teaschaidéil agus praghsanna arda a leanfadh iad, d’fhéadfadh méadú suntasach teacht ar ghníomhaíochtaí trádála agus allmhairí neamhdhleathacha, agus bheadh an Ungáir, toisc gur tír ar theorainn an Aontais í, go mór i mbaol uathu sin. Ina theannta sin, chuirfeadh sé ualach dofhulaingthe ar údaráis na mBallstát.

Tá sé riachtanach i gcónaí heicseafluairíd sulfair (SF6) a úsáid i roinnt lascthrealaimh leictrigh chun oibriú sábháilte na heangaí cumhachta leictreachais a áirithiú faoi dhálaí teicneolaíocha reatha. Leis an gcomhaontú cuirfear deireadh de réir a chéile leis an teicneolaíocht atá ar an margadh cheana féin, rud a chuirfidh brú ar oibreoirí eangaí agus táirgeoirí leictreachais iad féin a chur in oiriúint go tapa do theicneolaíochtaí nua a bhíonn níos costasaí go minic. Tá buntáiste margaidh suntasach ag roinnt cuideachtaí cheana féin. D’fhéadfadh oibreoirí an Aontais a bheith faoi mhíbhuntáiste iomaíoch mór mar gheall air sin. Thairis sin, níl an toirmeasc ar shuiteáil lascthrealaimh leictrigh i gcomhréir le fíorstaid an mhargaidh ó thaobh na teicneolaíochta, na sábháilteachta agus an dearaidh de. Go háirithe, le linn géarchéim fuinnimh, d’fhéadfadh sé soláthar cobhsaí fuinnimh agus slándáil fuinnimh a chur i mbaol, agus taobhú le líon an-teoranta táirgeoirí, as a dtiocfadh tuilleadh saofa margaidh.

Ar deireadh, níl measúnú tionchair imleor ann ar infhaighteacht roghanna malartacha oiriúnacha agus a bpraghsanna margaidh chun tacú le roinnt mhaith de na toirmisc. Thairis sin, fiú de réir réamh-mheasúnú an Choimisiúin, ní thiocfadh laghduithe suntasacha ar astaíochtaí as roinnt de na bearta, is amhlaidh go mbainfí roghanna malartacha eile inmharthana astaíochtaí ísle ón margadh mar gheall orthu.’